

Próifíl Rochtana agus Chuimsithe

Nótaí Treorach

Clár Ábhair

Réamhrá	2
Cuspóir na Cáipéise Treorach seo.....	3
Cé dó a mbeartaítear an cháipéis Treorach seo?.....	3
Sula gcomhlánaítear an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe.....	4
An Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a Chomhlánú.....	4
Téarmaíocht a chuimsítear sa Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe.....	5, 6
Toiliú Feasach.....	7
An Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a Chomhlánú	7
An Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a Sheoladh ar Aghaidh	9
Cad atá le déanamh má bhíonn aon cheisteanna agat.....	9

Aibreán 2016


Réamhrá

Is é cuspóir na dtreoiríní seo chun cabhrú le bainisteoirí réamhscoile chun Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Tús Níos Fearr a chomhlánú i gcomhar le tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí an linbh.

Bunaíodh **Tús Níos Fearr** in 2014 chun cur chuige comhtháite náisiúnta a chruthú i leith cáilíocht a fhorbairt in Oideachas agus Cúram Luathbhlianta do leanaí ó aois a mbreithe go dtí aois sé bliana in Éirinn. Soláthraíonn sé seirbhís speisialaithe monatóireachta ar an suíomh.

Tacaíonn **Tús Níos Fearr (Rochtain agus Cuimsiú** le leanaí faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar réamhscoileanna agus bheith rannpháirteach iontu. Tá na 7 leibhéal a leanas de thacaíocht sa chlár:

Samhail chun Tacú le Rochtain ar Chlár COLÓ do Leanáí faoi Mhíchumas



1. **Cultúr cuimsitheach** i réamhscoileanna
2. **Faisnéis do thuismitheoirí agus do sholáthraithe** trí láithreán gréasáin an RLGÓ.
3. **Lucht saothair cáilithe agus muiníneach réamhscoile**
4. **Comhairle agus Tacaíocht Shaineolach Luathbhlianta Oideachais** trí na Speisialtóirí Luathbhlianta
5. **Deontais do Threalamh, d'Fhearais agus do Mhionathruithe**
6. **Idirghabháil Theiripeach**, ar nós síceolaíochta, teiripe shaothair
7. **Cúnamh Breise sa Seomra Réamhscoile** trí rochtain a fháil ar chaipitíocht bhreise

Ní mór do bhainisteoir na réamhscoile nó príomhoibrí an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a chomhlánú i gcomhar le tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí an linbh faoi mhíchumas d'fhonn gur féidir leis an réamhscoil iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoi Leibhéal 4-7. Glacann an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe le cur chuige bunaithe ar láidreachtaí agus díríonn sé ar chumas, anuas ar riachtanais an linbh. Tacóidh an fhaisnéis go léir a sholáthraítear leis an leibhéal cuí de thacaíocht a shainnint a theastaíonn. I measc na bhfoinsí eile faisnéise, d'fhéadfadh Speisialtóirí Luathbhlianta Tús Níos Fearr cuairt a thabhairt ar an réamhscoil agus d'fhéadfaí cruinniú a thionóil ar a

bhfreastalóidh Speisialtóirí Luathbhlianta Tús Níos Fearr, bainisteoir na Réamhscoile agus tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí.

Cad é cuspóir na cáipéise Treorach seo?

Soláthraítear sa cháipéis seo treoiríníte ar conas ar cheart an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a chríochnú faoi na teidil a leanas:

1. Sula gcomhlánaítear an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe
2. Conas an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a chomhlánú
3. Téarmaíocht a chuimsítear laistigh den Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe
4. An Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a Sheoladh ar Aghaidh
5. Ceisteanna

Cé air a ndírítear?

Tá an fhaisnéis a chuimsítear sa cháipéis seo dírithe ar réamhscoileanna agus tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí a dhéanann iarratas ar thacaíocht faoi Tús Níos Fearr (Rochtain agus Cuimsiú). Ba cheart go mbeadh foireann Pobal a sholáthraíonn tacaíocht ar líne agus ar an nguthán, Comhordaitheoirí Tús Níos Fearr (Rochtain agus Cuimsiú) agus Speisialtóirí Luathbhlianta ar an eolas ar ábhair na cáipéise. Leagtar an fhreagracht orthu as a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis sna treoiríníte in iúl go soiléir d'fhonn go leantar na treoiríníte.

Sula gcomhlánaítear an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe

Chun tús a chur leis an bpróiseas lena gcomhlánaítear an fhoirm, ba cheart do bhainisteoir na réamhscoile teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí an linbh agus an méid a leanas a mhíniú:

1. D'fhonn go bhfaighidh an réamhscoil rochtain ar thacaíocht ó Tús Níos Fearr, beidh ar an réamhscoil agus na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí foirm ar líne a chomhlánú le chéile.
2. Teastaíonn toiliú tuismitheora chun faisnéis a roinnt faoina leanbh. Áirítear foirm thoilithe leis an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe. Is leor go síneoidh tuismitheoir/cúramóir/caomhnóir amháin an toiliú.
3. Beidh ar na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí an fhoirm a chomhlánú ar líne leat.
4. Ba cheart go nglacfaidh sé thart ar 50-60 nóiméad chun an fhoirm a chomhlánú.
5. Níl tacaíocht Tús Níos Fearr faoi stiúir diagnóise. Má rinneadh measúnú nó diagnóisiú ar an leanbh, áfach, féadfaidh tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí an fhaisnéis a sholáthar d'fhonn gur féidir í a áireamh leis an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe. Má rinneadh Measúnú Riachtanais ar an leanbh, féadfaidh na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí cóip de Thuairisc Achomair an Mheasúnaithe Riachtanais a thabhairt leo a dhéanfar a scanadh leis an bhfoirm.
6. Féadfaidh tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí sonraí teagmhála a thabhairt leo, chomh maith leis sin, a bhaineann faoi aon ghairmithe sláinte a bhfuil baint acu leis an leanbh, i.e. L.G./Dochtúir Teaghlaigh, Teiripeoir Saothair, Teiripeoir Urlabhra agus Teanga, Fisiteiripeoir, Síceolaí, Péidiatraí. Chabhródh sé, ina theannta sin, chun aon Tuairiscí Measúnaithe Sláinte a thabhairt leat chun tacú leis an iarratas.

Déan comhaontú ar dháta agus am a thabharfaidh na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí cuairt ar an réamhscoil chun an fhoirm a chomhlánú le bainisteoir na réamhscoile.

An Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a chomhlánú

Nuair a chomhlánaítear an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe, beidh ar na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí an cháipéisíocht agus an fhaisnéis ábhartha a bheith acu (féach 5. agus 6. thuas).

Tabhair cuairt ar an nasc le láithreán gréasáin Pobal agus oscail an fhoirm Rochtana agus Chuimsithe.

Cinntigh, le do thoil, go léann tú mír an léargais ghinearálta ar an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe leis na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí. Soláthraítear sa mhír seo faisnéis chúlra ar Tús Níos Fearr, cuspóir na Próifíle Rochtana agus Chuimsithe agus faisnéis a bhaineann le cosaint sonraí.

Téarmaíocht a chuimsítear sa Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe

Mínítear sa mhír seo an téarmaíocht a úsáidtear laistigh den Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe.

Tagraíonn **Rochtain** do chumas an linbh chun freastal ar réamhscoil. Áirítear le tacú le rochtain bacainní a bhaint agus freastal ar riachtanais aonair an linbh.

Tagraíonn **Cuimsiú** do chumas an linbh chun bheith rannpháirteach a mhéid agus is féidir agus go gníomhach sna cláir réamhscoile. Sa chás gur gá, soláthrófar tacaíochtaí le rannpháirtíocht iomlán agus ghníomhach a chinntiú.

Trí thimpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú, cuirfear ar chumas **gach** linbh, na leanaí siúd ina measc atá faoi mhíchumas, chun páirt a ghlacadh agus foghlaim laistigh de shuíomh na réamhscoile.

Is é Clár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) an bhliain réamhscoile saor in aisce a sholáthraítear do gach leanbh incháilithe, atá sa réimse aoise idir 3 bliana agus 2 mhí agus 4 bliana agus 7 mí faoi láthair agus ó Mheán Fómhair 2016, a bheidh idir 3 bliana agus 5 bliana agus 6 mhí, sula gcuireann siad tús leis an mbunscoil. Féadtar an aoisteorainn uasta a shíneadh i gcás leanaí atá faoi mhíchumas.

Láidreachtaí agus dúshláin suíomhanna réamhscoile – Glacann Tús Níos Fearr le cur chuige atá bunaithe ar láidreachtaí trí thacú le cumas reatha an linbh agus le scileanna reatha fhoireann na réamhscoile agus tacú, i gcomhthráth, le limistéir eile atá le forbairt.

Soláthróidh Speisialtóirí Luathbhlianta Tús Níos Fearr (Rochtain agus Cuimsiú) **comhairle agus tacaíocht shaineolach** do scoileanna.

I measc na tacaíochta breise a bheadh ag teastáil leis an leanbh a chumasú chun bheith rannpháirteach go hiomlán, d'fhéadfadh comhairle, idirghabháil theiripeach nó cúnaimh breise sa seomra réamhscoile a bheith i gceist.

Is é bainisteoir na réamhscoile an duine atá i gceannas ar an réamhscoil a chomhlánaíonn an fhoirm Rochtana agus Chuimsithe leis na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí.

Leagtar freagracht speisialta ar **an bpríomhoibrí** as leanbh ar leith. Oibríonn an príomhoibrí leis an leanbh agus lena t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí/c(h)aoimhnóirí lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais chúraim agus oideachais an linbh.

Tá **an fhoireann luath-idirghabhála** dírithe ar leanaí, idir 0 agus 6 bliana d'aois, agus ar a dteaghligh a bhfuil riachtanais chasta forbartha acu. Is éard atá san fhoireann Teiripeoir Saothair, Síceolaí Cliniciúil, Fisiteiripeoir, Oibrí Sóisialta agus Teiripeoir Urlabhra agus Teanga. Féadfaidh do LG, fisiteiripeoir, teiripeoir urlabhra, altra sláinte poiblí, teiripeoir saothair, oibrí sóisialta, síceolaí nó aon ghairmí cúram sláinte eile atreorú chuig an bhFoireann Luath-Idirghabhála a dhéanamh.

Is é **an L.G.** dochtúir teaghligh an linbh.

Dochtúir leighis atá i bpéidiatraí a speisialaíonn le leanaí agus na galair a bhíonn orthu.

Is éard is **obair shóisialta** ann ná nuair a thacaíonn obair i gceithre phríomhlimistéar leis an teaghlach; Cosaint Leanáí, Socrúchán Leanáí, Síciatracht Leanáí agus Ógánach agus Tacaíocht Teaghligh. Féadfaidh **oibríthe sóisialta** oibriú le teaghligh agus le daoine aonair atá thíos le réimse fairsing fadhbanna, ina measc fadhbanna mothúchána, sóisialta, síciatracha agus iompraíochta.

Cáipéis scríofa atá i **bplean Rochtana agus Cuimsithe Aonair** a ullmhaítear do leanbh ag a bhfuil riachtanas sonrath rannpháirtíochta sóisialta, cuimsithe agus/nó oideachais speisialta. Úsáideann an plean faisnéis a bailíodh tríd an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe chun spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha don leanbh a shainiú. Déanann na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí, an réamhscoil agus gairmithe eile comhaontú ar na pleananna seo. Tugtar breac-chuntas sa plean ar

na gníomhaíochtaí foghlama, na hacmhainní agus na tacaíochtaí a theastaíonn chun na spriocanna siúd a bhaint amach.

Cláir luath-idirghabhála Féadfaidh Luath-Idirghabháil tionchar dearfach a mhaireann an saol a imirt ar thorthaí do leanaí agus féadfaidh siad a bheith níos saoire agus níos éifeachtaí ná idirghabháil a dhéantar níos déanaí, a chuireann cosc ar chruatan agus ar fhulaingt. Cuireann tacú le cleachtas i réamhscoileanna agus saineolas a fhorbairt leis an luath-idirghabháil agus le torthaí dearfacha don leanbh.

Tagraíonn **láidreachtaí an linbh** do chumas agus scileanna an linbh.

Tagraíonn **leasanna an linbh** do ghníomhaíochtaí nó do limistéir a mbaineann an leanbh taitneamh astu.

Is é **Aistear** an Creat Curaclaim Luath-Óige in Éirinn. Ciallaíonn 'Aistear' turas.

Leagtar san **Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014** dualgas ar ranna rialtais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), údaráis áitiúla agus réimse comhlachtaí poiblí eile chun faisnéis a fhoilsiú faoina ngníomhaíochtaí agus chun an fhaisnéis a atá coimeád acu, faisnéis phearsanta san áireamh, a chur ar fáil do shaoránaigh.

Forálann an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, do na cearta reachtúla a leanas:

- Ceart dlíthiúil do gach duine chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá á coimeád ag comhlachtaí poiblí lena mbaineann an reachtaíocht um shaoráil faisnéise
- Ceart dlíthiúil do gach duine go gceartaítear faisnéis oifigiúil a bhaineann leis/léi féin sa chás go bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach
- Ceart dlíthiúil chun cúiseanna a fháil a bhí le cinntí a d'imir tionchar ar dhuine.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí Nuair a thugann tú do shonraí pearsanta d'eagraíocht nó do dhuine aonair, bíonn dualgas orthu na sonraí siúd a choimeád príobháideach agus sábháilte. Tugtar cosaint sonraí ar an bpróiseas seo. Cosnaítear do chuid ceart faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003.

Faoin Acht seo, tá an ceart agat chun rochtain a fháil ar na taifid atá á gcoimeád ag go leor comhlachtaí poiblí, ina measc Ranna Rialtais, FSS agus Údaráis Áitiúla, a dhéanann sonraí pearsanta a fháil agus a phróiseáil go cóir;

- an fhaisnéis a choimeád do chuspóir sonraithe agus sainráite dlíthiúil amháin nó níos mó;
- gan an fhaisnéis a phróiseáil ach ar bhealaí a oireann do na cuspóirí ar tugadh duit í i dtosach báire;
- sonraí Pearsanta a choimeád sábháilte agus slán;
- an fhaisnéis a choimeád cruinn agus, iomlán agus cothrom le dáta;
- a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis leordhóthanach, ábhartha agus nach bhfuil sí iomarcach;
- gan an fhaisnéis a choimeád níos faide ná mar is gá don chuspóir nó do na cuspóirí sonraithe; agus,

- cóip dá s(h)onraí pearsanta a thabhairt don duine, ar iarraidh sin.

Tagraíonn **sonraí** d'aon fhaisnéis nó fíricí ar gnách go stóráiltear iad ar ríomhaire nó ar pháipéar

Tagraíonn **deontaí** don duine nó don eagraíocht (réamhscoil) a dtugtar deontas dó/di/dóibh.

Ciallaíonn **ar bhealach slán** go gcoimeádtar cruachóipeanna i gcaibinéid atá faoi ghlas. Déantar comhaid ar líne a chriptiú agus a chosaint le pasfhocal agus ní dhéanann ach pearsanra údaraithe iad a rochtain. Coimeádtar iad ar feadh dhá bhliain ó dheireadh an chonartha leis an tseirbhís.

Coimeádfar sonraí a bhaineann le hiarratais neamhrathúla ar feadh tréimhse X ama.

Toiliú Feasach

Is ionann toiliú agus cead a thabhairt nó comhaontú a dhéanamh i dtaobh idirghabhála, seirbhís a fháil nó a úsáid nó páirt a ghlacadh i dtaighde i ndiaidh próiseas cumarsáide faoin idirghabháil bheartaithe (an Beartas Náisiúnta Toilithe, 2014).

Bunriail sa dlí coiteann is ea nach mór toiliú a fháil le haghaidh scrúdú, cóireáil, seirbhís nó imscrúdú leighis. Tá bunú maith faoi seo i gcásdlí agus i gcaighdeáin eiticíúla na hÉireann. Aithnítear an gá atá le toiliú, chomh maith, sa dlí idirnáisiúnta agus Eorpach um chearta daonna agus faoi Bhunreacht na hÉireann.

Is ionann toiliú feasach agus nuair a cuireadh tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí an linbh ar an eolas go hiomlán faoin ngníomh dá bhfuil toiliú á thabhairt acu.

Ní mór toiliú a fháil ó na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí sula gcomhlánaítear an phróifíl seo. Bailítear faisnéis phearsanta, sonraí teagmhála, tuairiscí ar an leanbh, sonraí faoi bhreathnóireacht agus sonraí faoi ghairmithe ábhartha sláinte chun tacú leis an bpróifíl agus féadtar iad a roinnt le gairmithe ábhartha a bhfuil baint acu sa phróifíl agus i soláthar féideartha seirbhísí don leanbh. Tugtar an toiliú seo ar bhonn deonach agus féadfaidh na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí é a aistarraingt ag am ar bith.

Teastaíonn ainm agus sínithe tuismitheora/cúramóra/caomhóra *amháin, ar a laghad*, agus an dáta a síníodh í, ón bhfoirm thoilithe. Beidh gá an fhoirm thoilithe a phriontáil, a shíniú agus a sheoladh ar ais leis an bpróifíl tríd an PIP.

An Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a chomhlánú

Úsáidtear an phróifíl seo chun cur síos a dhéanamh ar chumas an linbh trí 6 limistéar. Léiríonn siad na príomhlimistéir foghlama agus forbartha a theastaíonn i dtaobh rannpháirtíocht agus idirchaidreamh an linbh i suíomh na réamhscoile.

Cuirtear tús leis an bpróifíl trí iarraidh ar shonraí a bhaineann leis an leanbh agus leis an iarratas. Is tábhachtach go ndéantar gach mír den phróifíl a chomhlánú go hiomlán d'fhonn dóthain faisnéise a bhailiú faoin leanbh.

Tá de chuspóir na Próifíle Rochtana agus Chuimsithe faisnéis a bhailiú faoi chumas feidhmeach an linbh sna limistéir a leanas:

1. Fisiciúil

Déantar cur síos ar chumas fisiciúil an linbh faoi Fheasacht Oll-Luaile/ar Spásúlacht, Mínluaile, Scileanna Féinhabhrach agus Brath Céadfach.

2. Cumarsáid

Déantar cur síos ar chumas cumarsáide an linbh faoi Chumarsáid Ghlacach, Cumarsáid Léiritheach agus faisnéis ar aon chórais mhalartacha chumarsáide a úsáidtear.

3. Scileanna Sóisialta

Déantar cur síos ar scileanna ginearálta sóisialta an linbh.

4. Iompar

Déantar cur síos ar iompar an linbh i rith seisiún réamhscoile trí huairt an chloig.

5. Sláinte

Déantar cur síos ar riachtanais sláinte agus chúraim bhreise an linbh faoi Riachtanais Chúram Sláinte Leighis, Riachtanais Amhairc agus Éisteachta, agus faisnéis ar sheirbhísí sláinte a mholtar agus/nó a sholáthraítear sa chás gur thug gairmí sláinte faoi mheasúnú.

Is é an sainmhíniú a thugtar ar leanaí a bhfuil riachtanais bhreise chúram sláinte acu iad siúd “[that] have or are at increased risk of having a chronic physical, developmental, behavioural, or emotional condition and who also require health and related services of a type or amount beyond that required by children generally” (Mc Pherson M, et al, Péidiatrac, 1998).

I gcás gach míre, ní bheidh tú in ann ach freagairt amháin a chur i gcuntas faoi Riamh, Uaireanta, Go Rialta agus Go Minic. *Mura bhfuil tú cinnte faoi aon chinn de na freagraí, déan iarracht an freagra a thabhairt a dhéanann an cur síos is fearr ar chumas agus riachtanais an linbh.*

Spreagfaimis thú chun aon fhaisnéis bhreise a sholáthar sa téacsbhosca a sholáthraítear. Nuair a chomhlánaítear an mhír seo, iarrtar ort aon fhaisnéis a d'imreodh tionchar ar nó a thacódh leis an bhfoireann, do leanbh sa réamhscoil san áireamh. Smaoinigh ar theacht/imeacht, taobh amuigh, aistriú ó ghníomhaíocht amháin go gníomhaíocht eile, luaineacht, beathú agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cistiú á fháil ag an leanbh ó ghníomhaireacht eile.

6. Faisnéis faoin suíomh réamhscoile

Tá de chuspóir na míre seo chun faisnéis a bhailiú faoin suíomh réamhscoile, go háirithe maidir le láidreachtaí agus riachtanais shuíomh na réamhscoile agus na príomh-shaincheisteanna faoina gcuirfidís fáilte roimh thacaíocht ó na speisialtóirí luathbhlianta ar leibhéal 4.

Teastóidh comh-ionchur ón bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe a Chomhlánú ó na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí agus ón réamhscoil lena chinntiú go gcomhlánaítear gach mír a chruinne agus is féidir.

An Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a Sheoladh ar Aghaidh

Nuair a chomhlánaítear an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe, ba cheart é a sheoladh ar ais tríd an gcnaipe ‘Seol’ a bhrú. Mura féidir leat an Phróifíl a chomhlánú in aon bhabhta amháin, is féidir

dréacht a shábháil trí chliceáil ar an gcnaipe ‘Sábháil’. Tá dualgas cúraim ar bhainisteoirí réamhscoile agus tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí lena chinntiú go soláthraítear faisnéis chruinn agus ábhartha. Seachnóidh seo moill neamhriachtanach, chomh maith leis sin, ar an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe a phróiseáil.

Amlíne: I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthraítear, déanfaidh comhalta d’fhoireann Rochtana agus Chuimsithe Tús Níos Fearr teagmháil leis an réamhscoil laistigh de 4-6 seachtaine i ndiaidh an t-iarratas a sheoladh ar ais.

Cad atá le déanamh má bhíonn aon cheisteanna agat?

Má bhíonn ceisteanna agat nó ag na tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí maidir le cáipéis na Próifíle Rochtana agus Cuimsithe a chomhlánú, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le onlinesupport@pobal.ie nó glao ar 01 5117222 idir 8am agus 6pm ó Luan go hAoine.